C/2026/3609

7.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12417 — SAUDI ARAMCO / PIF / HUMAIN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3609)

1. An 29 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Saudi Aramco Development Company ('SADCO', Ríocht na hAraibe Sádaí), faoi lánúinéireacht Saudi Arabian Oil Company ('Saudi Aramco', Ríocht na hAraibe Sádaí),

— Public Investment Fund ('PIF', Ríocht na hAraibe Sádaí),

— Al-Mustaqbal Lil-Thaka Al-Istinai Company ('HUMAIN', Ríocht na hAraibe Sádaí), faoi rialú PIF.

Gheobhaidh Saudi Aramco agus PIF rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar HUMAIN.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta comhstoic phoiblí é Saudi Aramco atá bunaithe i Ríocht na hAraibe Sádaí. Tá Saudi Aramco ag gabháil go príomha do shubstaintí hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéal, a dhruileáil agus a asbhaint agus na substaintí sin a phróiseáil, a mhonarú, a scagadh agus a mhargú,

— Is é PIF ciste infheistíochta Stáit Ríocht na hAraibe Sádaí. Tá infheistíochtaí díreacha agus indíreacha aige i roinnt earnálacha ar fud Ríocht na hAraibe Sádaí agus ar fud an domhain, lena n-áirítear earnálacha an bhia agus na talmhaíochta, an fhuinnimh, na hearnála airgeadais, na monaraíochta, an eastáit réadaigh, na lóistíochta agus na hearnála digití.

3. Is cuideachta comhstoic dúnta é HUMAIN ar bhunaigh PIF i Ríocht na hAraibe Sádaí in 2024 é agus a seoladh i mí na Bealtaine 2025 chun teicneolaíochtaí agus bonneagar IS a fhorbairt agus a bhainistiú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12417 — SAUDI ARAMCO / PIF / HUMAIN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË